

**POLASAÍ GAEILGE  
NA ROINNE OIDEACHAIS**

**DEPARTMENT OF EDUCATION  
LANGUAGE POLICY  
FOR IRISH**

Arna leasú Mí na Nollag 2009

Revised December 2009

# Clár na n-Ábhar

## Contents

1. Cuspóir Purpose	2
2. Cúlra Background	3
3. An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh European Charter for Regional and Minority Languages	5
4. Pobal na Gaeilge Irish Language Community	7
5. Na seirbhísí riaracháin atá le fáil ón Roinn Oideachais i nGaeilge The administrative services DE provides in Irish	10
6. Sonraí Teagmhála Contact Details	18

## 1. Cuspóir

1.1 Leagtar amach sa doiciméad polasaithe seo na seirbhísí riaracháin atá le fáil ón Roinn Oideachais i nGaeilge faoi láthair agus cuirtear in iúl do na daoine sin ar mhian leo an Ghaeilge a úsáid an bealach le cumarsáid a dhéanamh leis an Roinn Oideachais sa Ghaeilge.

1.2. Léiríonn an polasaí seo úsáid na Gaeilge sa Roinn Oideachais ar chuspóirí riaracháin amháin. Ní chuimsíonn sé soláthar Gaelscolaíochta ná soláthar Gaeilge sa churaclam scoile.

## 1. Purpose

1.1. This policy document sets out the administrative services that the Department of Education (DE) currently offers in Irish and informs those who wish to use Irish how they may communicate with DE through the Irish language.

1.2. This policy reflects DE's use of Irish solely for administration purposes. It does not cover the provision of Irish medium education or Irish language provision within the school curriculum.

## 2. Cúlra

2.1. Tá an Roinn Oideachais tiomanta do mheas a thabhairt ar na teangacha éagsúla a labhraítear sa tsochaí inniu, idir theangacha dúchais mar an Ghaeilge, agus theangacha a labhraíonn na daoine sin ó thíortha eile a bhfuil cónaí orthu anois i dtuaisceart na hÉireann.

2.2. Tá an tacaíocht atá anois á tabhairt ag an Rialtas don Ghaeilge bunaithe ar réimse comhaontuithe polaitiúla agus reachtaíochta. Tá ceangal ar ranna rialtais cloí le riachtanais na Cairte Eorpaí do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh. I gComhaontú Aoine an Chéasta éilítear ar an rialtas aitheantas a thabhairt do “t(h)ábhacht na hurraime, na tuisceana agus na caoinfhulaingthe i ndáil le héagsúlacht teanga, ar a n-áirítear..... an Ghaeilge..... ar cuid de shaibhreas cultúrtha oileán na hÉireann (í).” Déantar tagairt i gComhaontú Chill Rímhinn 2006 don ghá atá ann “le forbairt na Gaeilge a fheabhsú agus a chosaint.”

2.3. Tá bearta á nglacadh againne sa Roinn Oideachais lenár ndualgais a chomhlíonadh ina leith seo agus muid ag déileáil le daoine atá ag iarraidh an

## 2. Background

2.1. DE is committed to respecting the many varied languages used today in our society, be they indigenous languages such as Irish, or languages used by those from other countries who are now resident in the north of Ireland.

2.2. Government’s recent support for the Irish language is based on a range of political agreements and legislation. All government departments must adhere to the requirements of the European Charter for Regional or Minority Languages. The Good Friday Agreement committed government to “recognise the importance of respect, understanding and tolerance in relation to linguistic diversity, including... the Irish language... all of which are part of the cultural wealth of the island of Ireland.” The Agreement reached at St Andrews in 2006 refers to the need to “enhance and protect the development of the Irish language.”

2.3. Here in DE we have taken steps to fulfil our obligations in this regard when dealing with those who wish to use Irish. We recognise that there are bilingual

Ghaeilge a úsáid. Aithnímid go bhfuil pobail dhátheangacha ann ar fud an tuaiscirt agus aithnímid gur cheart dúinn freastal ar riachtanais na bpobal sin ina rogha teanga féin.

2.4. Tá réimse rialacha agus cleachtas forbartha ag an Roinn Oideachais le blianta beaga anuas le húsáid na Gaeilge a éascú agus a chothú. Tugtar le chéile iad sa doiciméad seo agus leagtar amach go soiléir an réimse seirbhísí a dtig leis an phobal bheith ag súil leo uainn mar thacaíocht don Ghaeilge. Tríd an Pholasaí Gaeilge seo a fhoilsiú, tá súil againn go mbeidh méadú ar fheasacht ar na seirbhísí sin.

communities throughout the north and that we should meet the needs of these communities using their language of choice.

2.4. DE has over time developed a range of rules and practices to facilitate and encourage the use of Irish. This document draws these together and sets out clearly the range of services which people can expect from us in support of Irish. We hope that by publishing this Irish Language Policy we can increase awareness of those services.

### **3. An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh**

3.1. Coinbhinsiún idirnáisiúnta is ea an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (an Chairt) a ceapadh le teangacha réigiúnacha agus mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn. Tháinig an Chairt i bhfeidhm anseo sa bhliain 2001. Forálann sí sraith cuspóirí agus prionsabal a bhfuil feidhm acu don Ghaeilge agus don Albainis Uladh (Cuid II den Chairt). Lena chois sin, cuimsíonn sí gealltanais mhionsonraithe a thacaíonn leis an Ghaeilge (Cuid III den Chairt), go háirithe i dtaca le soláthar oideachais. Is í an bhunspríoc atá leis an Chairt ná teangacha réigiúnacha agus mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn mar ghné atá faoi bhagairt d'oidhreacht chultúrtha na hEorpa.

3.2 Cuimsíonn an Chairt, i measc rudaí eile, an gá atá ann le go ndéileálar go cuí le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh, mar an Ghaeilge, sa chóras oideachais. Chomh maith leis sin, tairrígíonn sí aird ar an ghá atá ann le go dtabharfaidh an rialtas aird ar riachtanais lucht labhartha na

### **3. European Charter for Regional and Minority Languages**

3.1. The European Charter for Regional or Minority Languages (the Charter) is an international convention designed to protect and promote regional and minority languages. The Charter came into force here in 2001. It provides a set of objectives and principles which apply to Irish and Ulster Scots (Part II of the Charter). Additionally, it contains detailed undertakings to support Irish (Part III of the Charter), particularly in the area of education provision. Its overriding purpose is to protect and promote regional or minority languages as a threatened aspect of Europe's cultural heritage.

3.2. The Charter covers, amongst other things, the need for regional or minority languages, such as Irish, to be dealt with appropriately within the education system. Importantly, it also highlights the need for government to take account of the needs of the speakers of these languages when it is planning its

dteangacha seo agus próisis á bpleanáil aige. Mar a sonraíodh níos luaithe, leagtar amach sa doiciméad seo na cleachtais riaracháin sin a dhéanann an Roinn Oideachais i dtaca leis an Ghaeilge.

3.3. Déanann Comhairle na hEorpa monatóireacht ar chomhlíonadh na Cairte agus cuirtear in iúl di go rialta faoi ghníomhaíochtaí atá déanta ag Ballstáit de réir na Cairte.

3.4. Tá feidhm ag an Chairt do gach comhlacht poiblí, lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus a comhlachtaí gaolmhara.

processes. As stated earlier, this document sets out those administrative practices undertaken by DE in relation to Irish.

3.3. The Council of Europe monitors compliance with the Charter and is routinely informed about the activities undertaken by Member States in accordance with the Charter.

3.4. The Charter applies to all public bodies, including DE and its associated bodies.

## 4. Pobal na Gaeilge

4.1. De réir an daonáirimh is deireanaí a rinne NISRA sa bhliain 2001, bhí 167,490 duine sa tuaisceart a raibh ‘some knowledge of Irish’ acu agus, as sin, bhí 75,125 duine a labhair, a léigh, a scríobh agus a thuig an Ghaeilge<sup>1</sup>.

4.2. I dtuaisceart na hÉireann, tá roinnt soláthróirí Gaelscolaíochta. Léiríonn na figiúirí is deireanaí ón Daonáireamh Bliantúil Scoile a d’fhoilsigh an Roinn Oideachais i mí Feabhra 2009:-

- go bhfuil 29 réamhscoil Gaeilge ann le rollú iomlán de 410 páiste;
- go bhfuil 22 bunscoil Gaeilge ann le rollú iomlán de 2,217 páiste;
- go bhfuil 1 iarbhunscoil Gaeilge le rollú iomlán de 513 dalta;
- go bhfuil 9 n-aonad Gaeilge i mbunscoileanna Béarla le rollú

---

<sup>1</sup> Fuarthas an t-eolas ó [www.nisranew.nisra.gov.uk/Census/pdf/theme\\_tables.pdf](http://www.nisranew.nisra.gov.uk/Census/pdf/theme_tables.pdf).

## 4. The Irish language community

4.1. According to the last census, compiled by NISRA in 2001, there were 167,490 people in the north who had ‘some knowledge of Irish’ and, of these, there were 75,125 people who spoke, read, wrote and understood Irish<sup>1</sup>.

4.2. In the north of Ireland, there are a number of Irish medium education providers. The latest figures taken from the Annual Schools Census published by DE in February 2009 show that:-

- there are 29 Irish medium pre-schools with a total of 410 children in attendance;
- there are 22 Irish medium primary schools with a total enrolment of 2,217 children;
- there is 1 Irish medium post-primary school with an enrolment of 513 students;
- there are 9 Irish medium units within English medium primary

---

<sup>1</sup> Information obtained from [www.nisranew.nisra.gov.uk/Census/pdf/theme\\_tables.pdf](http://www.nisranew.nisra.gov.uk/Census/pdf/theme_tables.pdf).



iomlán de 634 páiste;

- go bhfuil 2 aonad Gaeilge in iarbhunscoileanna Béarla le rollú iomlán de 132 dalta; agus
- sa scoilbhliain 2007/2008 ba é líon na n-iontrálacha ar an Ghaeilge don GCSE ná 2,147 agus ba é líon na n-iontrálacha ar an Ghaeilge don A leibhéal ná 238.<sup>2</sup>

4.3 Léiríonn an t-eolas is deireanaí ó na Boird Oideachais agus Leabharlaine go bhfuil 5 chlub óige Gaeilge cláraithe i dtuaisceart na hÉireann faoi láthair, agus bíonn roinnt clubanna óige Béarla ag soláthar cuid dá seirbhísí tríd an Ghaeilge fosta.<sup>3</sup>

4.4 Tá 6 ionad Gaeilge sa tuaisceart, mar atá Cultúrlann Uí Chanáin, Doire, Cultúrlann Mac Adam Ó Fiaich, Béal Feirste, Lárionad an Droichid, Béal Feirste, Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain, Béal Feirste, Ionad Uíbh

---

<sup>2</sup> Fuarthas an t-eolas ó Bhainse Staitisticí na Roinne Oideachais.

<sup>3</sup> Fuarthas an t-eolas seo ón Fhoireann um Óige agus Scoileanna sa Phobal de chuid na Roinne Oideachais.

schools with 634 children;

- there are 2 Irish medium units within English medium post-primary schools with an enrolment of 132 students; and
- In the school year 2007/2008 the number of entries for GCSE Irish was 2,147 and the number of entries for A level Irish was 238.<sup>2</sup>

4.3 The latest information from the Education and Library Boards indicates that there are currently 5 registered Irish-medium youth clubs in the north of Ireland, as well as a number of English-medium clubs which provide some youth services through the medium of Irish.<sup>3</sup>

4.4 There are 6 Irish language centres in the north (Cultúrlann Uí Chanáin, Derry, Cultúrlann Mac Adam Ó Fiaich, Belfast, Lárionad an Droichid, Belfast, Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain, Belfast, Ionad Uíbh Eachach, Belfast, Gaeláras Mhic

---

<sup>2</sup> Information obtained from the Statistics Branch of the Department of Education.

<sup>3</sup> Information obtained from the Youth and Schools in the Community Team of the Department of Education.

Eachach, Béal Feirste, Gaeláras Mhic Ardghail, an tIúr. Chomh maith leis sin, tá 38 craobh de chuid Chonradh na Gaeilge lonnaithe i mbailte ar fud an tuaiscirt.<sup>4</sup>

4.5 Tá réimse leathan eagraíochtaí a thugann tacaíocht do chur chun cinn na Gaeilge, lena n-áirítear POBAL, Foras na Gaeilge agus Glór na nGael.

Ardghail, Newry). There are also 38 branches of Conradh na Gaeilge located in various towns throughout the north.<sup>4</sup>

4.5 There is a wide range of organisations supporting the Irish language. These include POBAL, Foras na Gaeilge and Glór na nGael.

---

<sup>4</sup> Fuarthas an t-eolas ar líon na mbrainsí ó Chonradh na Gaeilge.

<sup>4</sup> Information on number of branches obtained from Conradh na Gaeilge.

## **5. Na seirbhísí riaracháin atá le fail ón Roinn Oideachais i nGaeilge**

### **5.1. Ainmneacha**

5.1.1. Úsáidfidh an Roinn Oideachais an leagan Gaeilge d'ainmneacha na ndaoine sin arbh fhearr leo an t-ainm sin a úsáid agus déanfaidh sí tagairt do dhaoine ina rogha leagain den ainm. Beidh ainmneacha pearsanta sa Ghaeilge chomh bailíoch agus ar comhchéim le hainmneacha pearsanta sa Bhéarla.

### **5.2. Seoltaí Poist**

5.2.1. I gcásanna ina n-úsáideann údar an leagan Gaeilge dá sheoladh i gcomhfhreagra a chuirtear chuig an Roinn Oideachais, úsáidfidh an Roinn Oideachais an seoladh céanna ina freagra. Beidh logainmneacha sa Ghaeilge chomh bailíoch agus ar comhchéim le logainmneacha sa Bhéarla.

## **5. The administrative services DE provides in Irish**

### **5.1. Names**

5.1.1. DE respects the wishes of anyone who prefers to be known by the Irish version of their name, and will refer to that person by the version which they choose to use. Personal names in Irish shall have the same status and validity as personal names in English.

### **5.2. Addresses**

5.2.1. Where the author of correspondence sent into DE uses the Irish version of an address, DE will use the same version in its reply. Place names in Irish shall have the same status and validity as place names in English.

### **5.3. Comharthaí**

5.3.1. Taispeánfaidh comharthaí ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh d'fhoirgnimh na Roinne Oideachais na leaganacha Gaeilge agus Béarla d'ainm na Roinne.

### **5.4. Comhfhreagras Scríofa**

5.4.1. Cuireann an Roinn Oideachais fáilte roimh chomhfhreagras agus aighneachtaí eile as Gaeilge agus soláthróidh sí freagra as Gaeilge. Cuirfidh an Roinn Oideachais an caighdeán céanna do sheirbhísí do chustaiméirí i bhfeidhm maidir le comhfhreagras as Gaeilge agus a chuirfidh sí maidir le comhfhreagras as Béarla.

5.4.2. Nuair a fhaigheann an Roinn Oideachais comhfhreagras as Gaeilge, eiseofar litir admhála as Gaeilge i gcásanna nach féidir freagra láithreach a eisiúint iontu.

### **5.5. Eolas a eisítear ón Roinn Oideachais**

5.5.1. Taispeánann ceann litreach na Roinne Oideachais an leagan Gaeilge dá

### **5.3. Signage**

5.3.1. Signs appearing on the interior and exterior of DE buildings will display the English and Irish versions of DE's name.

### **5.4. Written Correspondence**

5.4.1. DE welcomes correspondence and other submissions in Irish and will provide any response in Irish. DE will apply the same customer service standards to correspondence received in Irish as it does for that received in English.

5.4.2. When correspondence is received by DE in Irish, an acknowledgement letter will be issued in Irish when an immediate reply is not possible.

### **5.5. Information issued from DE**

5.5.1. The DE letterhead displays the Irish version of its name and Irish is in the

hainm agus tá Gaeilge le feiceáil ar an lógó i ngach foilseachán agus cáipéis chomhairliúcháin de chuid na Roinne.

5.5.2. Eisítear imlitreacha oifigiúla scoile go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla i bhformáid dhá cholún. Cuirtear leaganacha aonteangacha ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne fosta.

5.5.3. Foilsítear gach cáipéis chomhairliúcháin, lena n-áirítear foirmeacha freagartha, go dátheangach as Gaeilge agus as Béarla. Tá siad le fáil ar shuíomh idirlín na Roinne Oideachais.

5.5.4. Soláthraítear comhfhreagras a eisítear do gach scoil agus do thuismitheoirí gach páiste scoile go dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla i bhformáid dhá colún.

5.5.5. Eisítear preaseisiúintí as Gaeilge agus as Béarla le haghaidh imeachtaí a bhaineann le saincheisteanna Gaeilge nó leis an Ghaelscolaíocht.

5.5.6. Úsáideann an Roinn Oideachais an Ghaeilge ina hábhair fógraíochta, mar chúlraí agus nuachtlitreacha.

5.5.7. Bíonn Plean Gnó na Roinne Oideachais le fáil as Gaeilge agus as

logo on all Departmental publications and consultation documents.

5.5.2. Official school circulars are issued bilingually in English and Irish in a two column format. Single language versions will also be available on the Department's website.

5.5.3. All consultation documents, including response forms, are published bilingually in Irish and English. These are included on DE's website.

5.5.4. Correspondence which issues to all schools and parents of all school children is provided bilingually in Irish and English in a two column format.

5.5.5. Press releases are issued in English and Irish for events related to Irish language issues or Irish medium education.

5.5.6. All DE promotional materials, such as backdrops and newsletters will be bilingual.

5.5.7. DE's Business Plan is available in Irish as well as English and is published

Béarla agus foilsítear sa dá theanga ar an suíomh idirlín é.

5.5.8. Soláthraíonn an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna tuarascálacha cigireachta ar Ghaelscoileanna as Gaeilge agus as Béarla. Soláthraíonn sí réimse doiciméad as Gaeilge le haghaidh earnáil na Gaelscolaíochta fosta. Mar shampla, tá bileog eolais a achoimríonn príomhphointí Thuarascáil an Phríomhchigire (2006 – 2008) ar fáil as Gaeilge.

5.5.9. Soláthraíonn an Roinn Oideachais aistriúcháin ar cháipéisí eile i gcásanna inar dóchúil go mbaineann siad le hábhar, inar dóchúil go léifear agus go n-úsáidfeadh go ginearálta iad, nó nuair is dócha go gcuirfidh an cháipéis caomhnú agus cosaint teanga ar leith chun cinn.

5.5.10. Breithníonn an Roinn Oideachais gach iarratas ar Ghaeilge a chur ar cháipéis ar leith.

5.5.11. Soláthróidh an Roinn Oideachais cáipéisí dátheangacha ina mbíonn an t-ábhar sa dá theanga ailínithe taobh le taobh, mar atá san fhoilseachán seo. Ní bheidh an fhormáid taobh le taobh in úsáid do roinnt doiciméad níos faide, ach beidh na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge

in both languages on its website.

5.5.8. The Education and Training Inspectorate provides inspection reports on Irish medium schools in English and Irish. It also provides a range of documentation in Irish for the Irish medium sector. For example, a leaflet summarising the main points in the Chief Inspector's Report (2006 – 2008) is available in Irish.

5.5.9. DE proactively produces translations of other documents where they are likely to be of particular relevance, likely to be read and used generally, or likely to promote the maintenance and safeguarding of a particular language.

5.5.10. DE considers all requests for a specific document to be translated into Irish.

5.5.11. DE will present bilingual documents with content in both languages aligned side-by-side, such as in this publication. Some longer documents, while still available in English and Irish, will not apply the side-by-side format. The document will be available to

agus i mBéarla. Beifear ábalta an leagan Gaeilge ná an leagan Béarla den doiciméad a íoslódáil ó shuíomh idirlín na Roinne.

## **5.6. Fógraíocht**

### 5.6.1. Fógraí Poiblí -

Soláthraítear gach uile fhógra nuachtáin go dátheangach as Gaeilge agus as Béarla.

### 5.6.2. Ceapacháin -

Fógraítear ceapacháin, mar cheapacháin ar Bhoird Gobharnóirí scoileanna, go dátheangach as Gaeilge agus as Béarla.

5.6.3. Eisítear go dátheangach as Gaeilge agus as Béarla gach aon litir agus mhiontuairisc ar cheapachán i dtaca le ceapacháin a dhéanann an Roinn Oideachais, lena n-áirítear ceapachán ball ar Bhoird na nEagraíochtaí Gobharnóirí de Scoileanna Gramadaí Deonacha áirithe agus ar Bhoird Ghobharnóirí Scoileanna Imeasctha faoi Chothabháil Stáit, ceapaithe nua in ionad ball atá ag éirí as Boird Oideachais agus Leabharlaine ar ainmnigh comhairle iad, agus ceapacháin i dtaca le ceapachán Ball Tuata ar an Bhinse um Riachtanais Speisialta Oideachais agus Míchumas,

download in either Irish or English from the Department's website.

## **5.6. Advertising**

### 5.6.1. Public Notices -

Any public notice newspaper advertising undertaken by DE is done so bilingually in Irish and English.

### 5.6.2. Appointments -

Appointments, such as those to schools' Boards of Governors, are advertised bilingually in English and Irish.

5.6.3. All letters and minutes of appointment in relation to Public Appointments made by DE issue bilingually in English and Irish. These include appointing members to Boards of Governing Bodies of certain Voluntary Grammar Schools and Boards of Governors of Grant Maintained Integrated Schools, appointing and replacing resigning council-nominated Education and Library Board Members and appointments in respect of the appointment of Lay Members to the Special Educational Needs and Disability Tribunal, a non-executive Non-Departmental Public Body.

ar Comhlacht neamhfheidhmiúcháin  
Neamhrannach Poiblí é.

## **5.7. Úsáid na Gaeilge i nGnó an Aire**

5.7.1. Úsáidtear an Ghaeilge i ngach freagra de chuid na Roinne Oideachais ar Cheisteanna an Tionóil, idir cheisteanna scríofa agus cheisteanna béil, agus i ngach oráid agus ráiteas a thugann an tAire. Is féidir cruinnithe a thionól as Gaeilge, más cuí sin. Tá an tAire tiomanta do chomhoibriú leis na meáin chumarsáide Ghaeilge agus leis na meáin chumarsáide Bhéarla.

## **5.8. Glaonna Gutháin**

5.8.1. Is féidir leis an Roinn Oideachais glaonna gutháin a ghlacadh as Gaeilge.

5.8.2. Má chuireann tú glao gutháin ar an Roinn Oideachais agus má thosaíonn tú ag labhairt as Gaeilge agus muna bhfuil Gaeilge ag an duine a bhfuil tú ag labhairt leis nó léi, aistrefar thú chuig duine de hOifigigh Ghaeilge na Roinne Oideachais. Glacfaidh siad sonraí d'fhiosraithe agus cuirfidh siad na sonraí seo ar aghaidh chuig an fheidhmeannach ábhartha. Freagróidh siad duit as Gaeilge nuair atá an cheist

## **5.7. Use of Irish in Ministerial Business**

5.7.1. Irish is included in all of DE's answers to Assembly Questions, both written and oral, and in all Ministerial speeches and statements. Meetings with the Minister can be conducted in Irish, where appropriate. The Minister is committed to cooperating with the Irish language media as well as the English language media.

## **5.8. Telephone calls**

5.8.1. DE can facilitate telephone calls in Irish.

5.8.2. If you telephone DE and begin the conversation in Irish, the person you are speaking to, if not able to respond in Irish, will offer to transfer you to one of DE's Irish Language Officers. They will take details of your enquiry and pass them on to the appropriate official. If required, they will also respond to you in Irish once the matter has been dealt with.



réitithe, más gá.

## **5.9. Cruinnithe**

5.9.1. Breithníonn an Roinn Oideachais gach iarratas ar chruinniú a thionól as Gaeilge. Is féidir cruinnithe as Gaeilge a éascú tríd na hOifigigh Ghaeilge nó trí úsáid ateangaire.

## **5.10. Ról na nOifigeach Gaeilge**

5.10.1. Tá beirt Oifigeach Gaeilge lánaimseartha fostaithe ag an Roinn Oideachais le cuidiú le stiúradh réimse gnó le pobal na Gaeilge. Ar na dualgais a bhíonn orthu:–

- Cuidíonn siad leis an Aire agus le feidhmeannaigh ag cruinnithe agus ag imeachtaí ina labhraítear an Ghaeilge, nó ar ócáidí nuair is dócha go labhrófar an Ghaeilge;
- Soláthraíonn siad aistriúcháin nuair a d'fhéadfaí go mbeadh moill dho-ghlactha ann ó úsáid chonradh na státseirbhíse le cuideachta phríobháideach aistriúcháin;

## **5.9. Meetings**

5.9.1. DE considers all requests to conduct a meeting in Irish. Meetings in Irish can be facilitated through the Irish Language Officers or through the use of an interpreter.

## **5.10. Role of Irish Language Officers**

5.10.1. DE employs two full-time Irish Language Officers to assist it in conducting a range of business with the Irish language community. This includes:–

- Assisting the Minister and officials at meetings and events where Irish is or is likely to be spoken;
- Providing translations, when use of the NICS contract with a private translation company may cause an unacceptable delay;

- Feidhmíonn siad mar phointe teagmhála sa Roinn Oideachais do Ghaeilgeoirí; agus
- Soláthraíonn siad for-rochtain d'eagraíochtaí Gaeilge

5.10.2. Tá sonraí teagmhála na nOifigeach Gaeilge ar fáil ag deireadh na cáipéise seo.

- Acting as a point of contact within DE for Irish speakers; and
- Providing outreach to Irish language organisations

5.10.2. Contact details of the Irish Language Officers are given at the end of this document.

## 6. Sonraí Teagmhála

I gcás fiosrúchán ginearálta, lena n-áirítear ceistanna a bhaineann le soláthar an oideachais, déan teagmháil leis:

An Roinn Oideachais  
Teach Ráth Giall  
43 Bóthar Bhaile Aodha  
Beannchar  
BT19 7PR

Guthán: 028 9127 9279  
Facs: 028 9127 9100  
R-phost: [mail@deni.gov.uk](mailto:mail@deni.gov.uk)

I gcás fiosrúchán faoin doiciméad polasaithe seo, déan teagmháil leis:

An Fhoireann Lárthacaíochta agus  
Chomhordaithe  
An Roinn Oideachais  
Teach Ráth Giall  
43 Bóthar Bhaile Aodha  
Beannchar  
BT19 7PR

Guthán: 028 9127 9453  
R-phost: [david.savage@deni.gov.uk](mailto:david.savage@deni.gov.uk)

### Na hOifigigh Ghaeilge:

Seán Ó Maoilisté/ John McStay  
An Fhoireann Lárthacaíochta agus  
Chomhordaithe  
An Roinn Oideachais  
Teach Ráth Giall  
43 Bóthar Bhaile Aodha  
Beannchar  
BT19 7PR  
Guthán: 028 9127 9388  
R-phost: [john.mcstay@deni.gov.uk](mailto:john.mcstay@deni.gov.uk)

## 6. Contact Details

For general enquiries, including issues relating to the provision of education, contact:

Department of Education  
Rathgael House  
43 Balloo Road  
Bangor  
BT19 7PR

Tel: 028 9127 9279  
Fax: 028 9127 9100  
E-mail: [mail@deni.gov.uk](mailto:mail@deni.gov.uk)

For enquiries about this policy document, contact:

Central Support and Co-ordination Team  
Department of Education  
Rathgael House  
43 Balloo Road  
Bangor  
BT19 7PR

Tel: 028 9127 9453  
E-mail: [david.savage@deni.gov.uk](mailto:david.savage@deni.gov.uk)

### Irish Language Officers:

John McStay/Seán Ó Maoilisté  
Central Support and Co-ordination Team  
Department of Education  
Rathgael House  
43 Balloo Road  
Bangor  
BT19 7PR  
Tel: 028 9127 9388  
E-mail: [john.mcstay@deni.gov.uk](mailto:john.mcstay@deni.gov.uk)

Cormac Mac Donnchaidh/ Cormac  
Donaghy  
An Fhoireann Lárthacaíochta agus  
Chomhordaithe  
An Roinn Oideachais  
Teach Ráth Giall  
43 Bóthar Bhaile Aodha  
Beannchar  
BT19 7PR  
Guthán: 028 9127 9257  
R-phost: [cormac.donaghy@deni.gov.uk](mailto:cormac.donaghy@deni.gov.uk)

Cormac Donaghy/Cormac Mac  
Donnchaidh  
Central Support and Co-ordination Team  
Department of Education  
Rathgael House  
43 Balloo Road  
Bangor  
BT19 7PR  
Tel: 028 9127 9257  
E-mail: [cormac.donaghy@deni.gov.uk](mailto:cormac.donaghy@deni.gov.uk)